Feirmeoireacht Shóisialta san Oirdheisceart

Seachadann Comhpháirtíocht LEADER Phort Láirge CLG an clár Feirmeoireachta Sóisialta i gcomhar le Cuideachta Forbartha Liatroma, leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus leis an Roinn Dlí agus Cirt. **Tacaíonn Comhpháirtíocht LEADER Phort Láirge le forbairt na Feirmeoireachta Sóisialta in Oirdheisceart na hÉireann,** lena n-áirítear na ceantair seo a leanas:

- Ceatharlach
- Corcaigh Thoir
- Cill Chainnigh
- Port Láirge
- Loch Garman
- Tiobraid Árann Theas

Feirmeoireacht Shóisialta

Comhpháirtíocht Leader Phort Láirge
Waterford Leader Partnership

Leitrim Development Company

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Department of Agriculture, Food and the Marine

An Roinn Dlí agus Cirt
Department of Justice

Teagmháil:

Chun tuilleadh eolais a fháil maidir le **Feirmeoireacht Shóisialta**, déan teagmháil le Tanya Murphy ag:

087 231 1061

tanya.murphy@wlp.ie

www.wlp.ie

Waterford LEADER Partnership CLG

Páipéar 100% athchúrsáilte

Feirmeoireacht Shóisialta

Comhpháirtíocht Leader Phort Láirge
Waterford Leader Partnership

Feirmeoireacht Shóisialta

Tugann Feirmeoireacht Shóisialta an deis do dhaoine atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta, fisiceach, meabhrach nó intleachta **am a chaitheamh ar fheirm theaghlaigh** i dtimpeallacht **shláintiúil, thacúil agus chuimsitheach.** Tá an fócas ar rannpháirtithe a spreagadh chun sóisialú, muinín a fháil agus caidrimh a bhunú.

Glacann rannpháirtithe **páirt i ngníomhaíochtaí ar an bhfeirm a bhfuil suim acu iontu amhail** garraíodóireacht, cúram ainmhithe nó gníomhaíochtaí laistigh amhail arán a bhácáil.

Buntáistí a bhaineann le Feirmeoireacht Shóisialta

Do na Rannpháirtithe

- Feabhas tagtha ar a meabhairshláinte agus a bhfolláine agus curtha lena **bhféinmheas**
- Teagmháil shóisialta agus feabhas ar a **muinín shóisialta**
- **Forbairt scileanna** i dtimpeallacht nádúrtha gan bhrú
- Tuiscint mhéadaithe **ar fhéinmheas agus ar fhéinmhuinín**
- Feabhas ar Chorpacmhainn

Do na Feirmeoirí

- deis le haghaidh **éagsúlú ioncaim**
- feirmeoirí a athcheangal lena **bpobail áitiúla**
- **comhluadar agus feirmeoir i mbun oibre** mar gur féidir leis an bhfeirmeoireacht a bheith ina post aonraithe
- tuiscint ar **ghnóthachtáil phearsanta** de bharr difear a dhéanamh do shaol na rannpháirtithe

Tionscadail um Cheartas i leith an Aosa Óig

Bronnadh deontas **Chiste Nuálaíochta Sábháilteachta Pobail** ar Chomhpháirtíocht LEADER Phort Láirge ón **Roinn Dlí agus Cirt** chun Clár Feirmeoireachta Sóisialta a sheachadadh ag obair le **Tionscadail um Cheartas i leith an Aosa Óig** san Oirdheisceart

Ceadóidh an deontas 840 lá socrúcháin a chur ar fáil **ar fheirmeacha do dhaoine óga** san Oirdheisceart